

LITIR SHASANA

AS BRÉACHTÚ SIAR

DONALL MAC AMHLAIBH

Dia Máirt, 27-10-1959.

Oíche an-stoirmiúil a bhí aréir ann ach ghealaigh sé suas go breá ar maidin. Nuair a chuaigh muid amach chuig an obair bhí an áit uilig faoi uisce agus bhí sleasa an trinnse tuitithe isteach agus puiteach ins 'chuile áit. B' éigean dúinn a dhul agus íoch-tar an trinnse a ghlanadh — an grealach a chaitheamh aníos as — sul má d'fhéad muid tosú ag tarraingt an cábla. "Point three" a bhí inniu ag-ainn, sé sin an cineál cábla is truíme a bhíonnas dá tharraingt acu anseo, beagnach; agus bíodh is go rabh an dá fhuireann mhór ann agus na "buckshee-files" eile ag cabh-rú linn thóg sé leath an lae orthainn i tharraingt, agus ba dhóbar do shean - Punch a mheabhar a chailleadh in geall air. "Tarraingí, tarraingí; níl ann ach ruaine snátha" ar seisean de bhéic Bhí na sean fhir mar is dual dóibh ag fáil locht ar Harry 'gus ag rá nach rabh fhios aige le dhul i mbun oibre i gceart.

Sé'n sórt dream iad fhéin, ná, cé go bhfuil aithne ar a chéile acu ó rugadh iad, mhairfeadh siad ag cúiseamh agus ag caitheamh anuas ar a chéile. Is iondual go mbíonn daoine a chaith a saol i bpostannaí seascar mar i seo ar an gcaoi sin — lucht an bhóthair iarainn, lucht phoist is a leithéid — cibé cé'n t-úgh-dar. Ní bhíonn leath an oiread sin mioscaise ar oibreacha toigeála ná oibreacha poiblí ar chuma eicint.

Nuair a bhí dhá dtrian de'n cábla istigh againn agus muid ag brú a chloigeann tríd na piopaí a théigheann faoin mbóthar, chuaigh sí i bhfastó idir béal a' phiopa agus coirnéil an trinnse agus bhí sí comh do-lubtha sin is gur thóg sé leath uair orthainn an scéal a leigheas. Bhí sé ag gleáradh báistí i rith an ama seo ar fad agus bhí sean-Punch ag éirí níba chantall-ai in aghaidh an noiméid; chaith sé uaidh a chaipín babtha nó dhó agus mhion-naigh sé go mba muide an fhuireann oib re ba mheasa dár chasadh dhó riamh. Bhí Ginger ag scitíl gáire is bhí Murphy ag clamhsán faoi'n aimsear agus tríd is tríd ba é bhí ann againn circus ceart. D'éirigh linn an job a chríochnú faoi dheire agus chuaigh muid ag ath-lionadh an trinnse annsin. Ba é bhí annsin dúinn obair an diabhair, mar bhí an puiteach ag greamú do na sluaisídí sa gcaoi is go gcaivfeá iad a ghlanadh ar chuile phointe. Bhí sé abhfad sul má fuair muid deis le aon greim a ithe agus bhí chuile fhear dá rábh ann beag-nach, ag casaoid agus ag cáineadh an ganger, ach bhí scata páistí thall uainn ag lapadán i log mór uisce is na bróga bainte dhóibh acu. Tá chuid againn a gheobhfás slaghdán as obair an lae inniu, ach go dtárruá Dia sinn, dá ndéanfadh muid an rud a bhí na gasúir sin ag déanamh 'ndeamhan oiread is duine againn a theagfadh slán as.

Diardaoin 29-10-1959.

Maidin bhréa ghréine ach an ghaoth go feanntach. I Weston Favell tá muid anois le cúpla lá, mé fhéin agus Murphy, ag freastal ar duine de na "Joiinters".

Baile beag aistí fhéin a bhí i Weston Favell sa tsean aim-

sear agus tá riar sean tithe cheann tuí fós ann, cruinní thart ar an tsean eaglais, ach má sea fhéin tá sí gar do bheith slugtha ag Northampton anois. Trá crois mhór Cheilteach i leath taobh an bhóthair in gar don eaglais agus ainmneacha agus sloinn-te na bhfear a marbhuíodh sa ndá cogadh mór domhanda greannta ar an leach faoi bhun na croise. Caithfidh mé cuairt a thúirt ar an eaglais is ar an gcill sul a fhágfas mé seo. Ní mar a chéudhna an déanamh tá ar na sean-tithe phobal uilig thart annseo ach níl mo sháith eolais faoi chúrsaí ailltíreachta fós ag-am le go bhféadfainn aon chur síos ceart a dhéanamh orthu.

Thosaigh mé ar chnuasacht gearr-scéalta le D. H. Lawrence a léamh inniu — an chéad uair dom aon cheo leis a léamh. Tá sé thar cionn ag chur síos ar rudaí, feictear dhom, agus bhain mé an-taitneamh as an gcuinntas a bhí sa gcéad scéal aige faoi'n tráthnóna geimhridh agus an grián ag dul faoi 'sí ag déanamh "innumerable orange glimmers" den mheall mór turnaipi istigh sa mbuaille. Is breá an rud é an mháistreachta sin ar fochla a bheith ag duine. Ach caithfidh mé a admháil go rabh cuid de na scéalta nár fhéad mé mórán adhmhad a bhaint asta agus maidir leis an gceann sin "A Modern Lover" bhí mé có dall ar an rud a bhí i gceist ag an údar nuair a bhí sé léite agam is mar bhí roimhe sin.

Tá choill mhór sa ngleann soir ó thuaidh uainn annseo agus is álainn an fheic i faoi láthair le'n a bhfuil de dhath-anna éagsúla ar na nduilleúra — cuid acu mar bheadh siad fré theine le dath rua-óruga, cuid eile acu go mais-each faoi dhath gheal an airgid, agus tuille acu nár scar fós le'n a bhfeicteas shamh-raidh. Tá a talamh chruaí go maith in dhiaidh na báistí — níl ann ach gur fhliuchadh an scrath — agus bhí orthainn an phiocóid a oibriú an 'chuile órlach dí. Ní h-é an oiread sin a bhí le bhaint amach; muis — bordáil is deich slat ar fhichid — agus críochnaigh muid an trinnseáil sul má chuaigh muid abhaile. Beidh an Joints agus a ghiolla indhan an fhaid gairid de chábla sin a chur isteach asta fhéin mura mbeidh muid annseo amáireach.

Chuaigh Archie, Caoimhín is mé féin don Saracens Head roimh am dinnéara. Muid bréan do C. ag ráiméis leis 'gus ag beartú rudaí nach dtiúrfá sé 'un críche go deo. Séard tá anois ar inntinn aige na 'chuile phinghinn a shábh-aílt nó go mbeidh sé in acfuinn dhá theach a cheannach (ní bheadh maith ar bith dhó i dteach amháin chaithfidh sé péire a bheith aige!), agus iad a leigin amach mar árasáin beaga. Eireó sé as an obair uilig annsin agus chaithfidh sé a chuid ama ar a rogha bhealach. Do fear nach bhfuil indhan an tsíor - chaitheamh a sheánadh is árd é a chuspóir. Tá bean agus chlann aige, teach beag chlúthmhar, agus job gur cheart dó bheith sásta mhaith seascar agus sílim leis an méid sin is gan a bheith ag sanntú rudaí nach féidir iad fháil. Ach is iomaí duine ag Dia.

Tá mo mháthair chéile agus scuaid eile ghaolta léi istigh a'ainn anocht agus is mór tá a gcuid comhrá leanbai ag cur as dom. Ní fhaca tú leithéide an tí seo ariamh le cuairteoirí — bheadh sé có maith dhuith bheith ag cur fút sa mBusárus i mBaile Atha Cliath! Nach orm bheadh an fháilte is an lútháir roimh scata chuairteoirí as Conamara dá mbuailfidis isteach chugainn! Ach tá sé fanach bheith ag súil le aon ní có taithneamhach leis sin.

Diardaoin 12-11-1959.

Sioc liath arís ar maidin ann; beidh na maidineachaí fuar as seo amach am ar bith nach mbeidh sé ag báisteach. Bíonn bean meán-aois-each ag díol na dticéad ar an mbus a dtéighim se go Town Centre uirri na maidineachaí seo agus is mór an díol trua! í, an créatúir, bíonn sí comh mór sin un deire leis an obair. Is cosúil nach bhfuil sí ach théis tosú ar an obair sin óir tá ceann eile dá teagasc, agus am ar bith a ndéineann sí botún cuireann an ceann eile ar bhealach a leasa í. Bheinn in aimhreas a ndéan-faidh sí aon mhaith go deo ag an obair sin, arae tá sí thar a bheith mall dá fhoghluim agus is job é nár mhórduit bheith scioptha go maith le'n aghaidh. Tá cuma mná uasail uirri ar chaoi eicint agus níl aon uair dá geuirfidh an ceann eile ar a mbóthar ceart i nach ngabhfaidh sí a buíochas léi có deas is dá mbeadh sí faoi chomaoim mór ag an gceann tá ag fáil pái ar a bheith dá theagasc.

Bheadh truaí a'd do dhaoine mar sin a mbíonn orthu tosú i mbun céirde nua anonn go maith 'na mbeatha. Níl aon bhaol nach n-oibríonn go leor de mhnaí na tíre seo fíor-chruaí idir a bheith ag riarú tí dá fearaibh agus ag obair de ló i monarchain eicint, nó mar "clippies" ar bhusanaí na cathrach. Bíonn saol an mhada bháin ag mná pósta in Eirinn, sé sin má bhíonn an oiread den ádh orthu is go mbíonn a gcéilithe fostuá.

Tá muid ag obair i Spinney Hill anois le cúpla lá agus tá suas le 2,000 slat de thrinnseáil le déanamh againn as sin anonn go Weston Favell. Tá lad óg de Eireannach—Joe Sharkey as Co. Roscomáin—théis tosú ar an job seo agus séard é fhéin togha lad oibre. Chuaigh Murphy, mise agus Joe ag obair in gar dá chéile inniu agus thug muid faoi an obair go fonnmhar, áit ar theastaigh uainn sodar a bhaint as cuid de na "locals" seo. Bhí an talamh thar a bheith chruaí ach lasc muid le na bpiocóidí i agus d'oibrigh muid na sluaisídí gan stop agus ní rabh sé abhfad go rabh muid ag teannadh ar aghaidh ón gcuid eile, 'siad dá náiriú againn. Is amhlaidh a bhíodar ag spochadh linn le chúpla lá agus theastaigh uainn a 'spáint dhóibh nár b'fhiú tada iad le'n a h-ais muide. Chríochnaigh an triúir againn an fhaid a bhí marcáilte amach ag Punch dhúinn agus chuaigh muid ag baint amach faid eile annsin. Ba shin é an uair a thosaigh an chasaoid 'gus an giúnaoíl agus ba é Dave, mac a' Ganger, an fhear ab airde ghlóir. Tá Sharkey óg taighdeach go maith, is cosúil, mar chaith sé uaidh a chuid fuir-

Timpist Léanmar AS
Pillead ó Sócráid

Timpist uapásac brónac a bhí ann, nuair a cailleadh Miceál Mac Craic, Rosdumac, tráthnóna Diardaoin. Bhí sé na páisnéir i minibus a d'fág an bótar ior poll a' tSomais agus Gleann na Muirde, ag Muing na nUllan, agus tit síos pánán, o'iomlaig bus os cionn agus tit istead i srúctán. Ninnsead don Coiste go raib an tUasal Mac Craic ag teact abaitle te seactar eile páisnéirí agus tiománaí an minibus, Seán Ó Múineacáin. Ó sócráid a bhréara, nuair a tárla an taisme.

Dúirt an Dr. T. Ó Ceallaigh, Béal an Mhuirde, go bpaca sé an minibus bun os cionn insan tsrúctán agus Mac Craic ina luí ar an bótar. Bhí sé marb le timpist leat-uair. Ní raib loit mór ar bith ar an corp, agus bhí sé sásta nac ó loitead a fuair sé a táinig an bás; meas sé gur éas sé de bárr báitead.

Tús Miceál Mac Craic, Rosdumac, fianaise go raib sé na páisnéir san minibus. Bhí sé ina suioicán tosai leis an fíor marb, ior é agus an tiománaí. Timpéall a 4 a' élos, bhí siad ag teact éuis casaó ag Muing na nUllan, agus o'imiú an minibus don bótar tit síos pánán, agus éuis bun os cionn, agus tosac an bus istig insan srúctán.

Bhí timpéall ceitre troig uisce insan tsrúctán ag an áit sin. Táinig gac duine amac ac anáin Mac Craic, agus nuair a tuig siad go raib sé istig fós, éuis seisean agus daoine eile ag tabairt tairtáil air. Fuair sé Mac Craic ina luí ar a bhróm, agus a ceann faoin uisce. Bhí sé marb an t-am sin.

Tús an Sáirsint Mac Guinn, Béal an Mhuirde, fianaise go dtáinig sé go dtí an áit ag 5.15 agus go bpaca sé corp ar éab an bótar, agus minibus ina luí san srúctán. Bhí an srúctán timpéall ceitre troig ar leitéad, 7 timpéall 2' 6" ar doime, ac o'éirig an t-uisce nuair a bhí an cárri 'na luí ann. Bhí timpéall troig uisce insan minibus. Teip ar an bus an casaó ar clé a clacaó agus éuis siad síos ar éab na láimhe deise don bótar. Ní raib díos ná clai ar an otaob sin.

Dúirt an Ceannfóir T. P. Wilson, Béal an Mhuirde, gur trua go mór é go n-áitirí nuair a bhí an duine marb ag pillead ó sócráid a bhréara. Cuir an goiste a gcombrón i bfeiróm com mair, agus L. Loftus, Atturnae, ear ceann Seán Uí Múineacáin.

Bás de bárr báitead, an bheit a tús an Coiste.

ROSDUMAC

Cúis bróin insan ceantar anseo bás Tomás Mice Craic, Rosdumac. D'éag sé insan Ospidéal Conaoc i gCaisteán a' bharraig 7 tugad an corp na baite go dtí Séipéal Carrn Duí, Dó Ceasaóine, áit ar glac an t-áitirí Ó Catáin, S.C., leis. Eisean a léig an t-áitir-reann an lá bair gceinn, agus éuis sé leis an sócráid go dtí reitig poll a' tSomais. Nítear combrón lena beancéile, Máire, agus an teaglac agus britear 7 bripiúr.

Tá suim mór insan taob seo don páisnéir insan stailc páistí scoile atá ar siúl i gCeatrú Tairis. Sé an tuairim coitianta atá anseo, le blianta, nac bfuil aon rud le fáil ag faictac Muingeo go dtí go gcuirpó siad iad féin in iúl níos mó, agus go dtáispéidfaid siad go gcuirpó ceart agus coetrom a tabairt dóib. Tácar ag súil go n-éireóir leis an stailc ansin.

néis agus d'iarr sé Dave amach ar 'fair-play'. Shíl mé fhéin go mbeadh spraoi ann ar fea piosa ach ní ghabh-fadh Dave na mbréag amach leis.

"Now, Paddy," ar seisean, "I'm a black-belt holder and if I hurt you I'd be liable to prosecution."

"You'll be liable to six months in hospital if I hit you a shot," arsa Sharkey, 'gus é ag léimreach thart le teann spadhair. Ach ní mheallfadh tada Dave, bhí sé ró-mheata. Ní h-amháin gur cladhaire é, tá sé ina "chancer" freisin. Bhí muid ag cainnt annsin tráthnóna agus d'fhiafraigh mé fhéin de cé'n deifríocht a bhí idir "corrosion" agus 'erosion'. Smaoinigh sé ar fea noiméad amhaíl is dá mbeadh sé ag iarraidh a thomhais a rabh fhios agam fhéin é nó an ag iarraidh feasa dáiríre a bhíos.

"Well," ar seisean, faoi dheire, "'corrosion' means rust and 'erosion' is the past tense of 'erase' which means to erect or put standing up; therefore 'erosion' means standing up."

FOTO DUBH

Comhghairdeas le pádraic mac Con Rí agus a bean. Caclém, FOO DUBH, ar na ceapad mar teagascóir lán-aimaire Tuat-eolaioct ag Sairmscoil Béal an Mhuirde. Bhí sé ag teagasc roime sei i nSairmscoil Cluain Eois, Co. Múineacáin. Agus beir átas preisin, go dtáinig bripiúr dó, pádraicín Mí Con Rí, piosa níos comgharaí don baite com mair, n-aistrióid i ó Ard-Oifis an Poist Baile áta Cliaí go dtí Oifis an Poist. Béal áta an fead. Bhí sí ar scoil i nSairmscoil Béal an Mhuirde, agus bhí éuite duine go mair dí ansin.

Le linn na scoirme agus an troc aimsir anseo an tseactain seo caite, táinig ceann de na tráitirí iascaireacta is mó a éonactas ariam insan ceantar seo, istead ar poscad, agus o'fan sé ann ar fead na seactaine. Bhí criú de 42 ar bóro an tráitléara.

Bheul, a Dháithí, adeirim-se istigh i mo intinn fhéin, níl baol ar bith nach tú an 'chancer' is mó so tír seo inniu, ach scaoil mé leis é óir níor maith liom staic aiféise a dhéanamh de os cóir an gcuid eile. Bhí sé sin ionanns a bheith có dona leis an rud adúirt Freddie Isherwood liom roinnt blianta ó shoin nuair a d'fhiafraigh sé dhíom cé'n brí a bhí leis an bhfocal sin 'Conamara.' Dúirt mé leis nach rabh fhios agam, d'fhonn fháil amach cé'n tuairim a bheadh ag Freddie dhó. Ba fear é Freddie, fearacht go leor acu annseo i Northampton, a chaith seal sa bpríosún in geall ar gur ghoid sé luai as sean-fhoth-rach eicint a bhí dhá leagan; agus bhí barrúil aige dhó fhéin mar "Racketeer". "Tá mise ag ceapadh, arsa Fred-die, "go b'é an bunús tá leis ná "to 'con' yer ma', isé sin dalladh mullóg a chur ar do mháthair." Cheapfainn go mbeadh ádhbhar mhaith aturnae sa bhfear a d'fhéad-fadh rud mar sin a shamhailt dhó fhéin.

Dónall Mac Amhlaigh.